15 BLIANA Our world
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Domhan ina bhfuil Oideachas ar Ardchaighdeán ar fáil

Cén chuma a bheadh ar dhomhan ina mbeadh oideachas ar ardchaighdeán ar fáil do gach duine? Samhlaigh é.

I ndomhan ina mbeadh oideachas ar ardchaighdeán ar fáil do gach duine...

Bheadh an t-oideachas ina phríomhthosaíocht.

MAR GHEALL AIR SIN:

- Dhéanfadh rialtais a ndóthain airgid a infheistiú chun féachaint chuige go gcuirfí oideachas maith ar gach duine.
- Léifeadh gach duine leabhair staire ina bhfuil scéalta faoi mhná agus fir a chuaigh i bhfeidhm ar a bpobail agus a gcultúr.
- Rachadh páistí ar scoil gan a bheith buartha nach mbeidís sábháilte.
- Bheadh fáil ag gach duine ar na leabhair agus an teicneolaíocht go léir a theastódh uathu chun foghlaim agus fás.
- Mhúinfí Eolaíocht, Matamaitic, Stair agus Ealaín do gach duine; ní cheapfadh aon duine gur do bhuachaillí nó do chailíní amháin a bhí na hábhair sin.
- D'fhoghlaimeodh gach duine conas an aire chéanna a thabhairt don phláinéad seo agus do gach duine, inár gceantair féin agus i bhfad i gcéin.

Cuidigh linn Domhan a cheapadh ina bhfuil Oideachas ar Ardchaighdeán ar fáil trí dhá smaoineamh de do chuid féin a chur leis na smaointe thuas, nó roghnaigh dhá smaoineamh thuas atá an-tábhachtach, dar leatsa.

Conas a rachaimid chun cinn ón staid ina bhfuilimid anois go dtí an saol iontach sin ina mbeidh oideachas ar ardchaighdeán ar fáil do chách?

Sin é an cuspóir atá ag na daoine agus na heagraíochtaí, cosúil le Cúnamh Éireann, atá ag obair chun Sprioc Dhomhanda 4: Oideachas ar Ardchaighdeán, a bhaint amach.